# 7 Bainistiú caiteachais ragoibre sa Gharda Síochána

**7.1** Ag deireadh 2017, bhí 13,551 Garda, 420 ábhar Garda, 2,192 sibhialtach agus 589 cúltacaí fostaithe ag an nGarda Síochána. De réir plean cúig bliana maidir le hathchóiriú agus lucht saothair, tá an Rialtas tiomanta do leibhéal foirne níos airde a sholáthar faoi 2021 lena gcuimseofar 15,000 Garda faoi mhionn, 4,000 sibhialtach, agus 2,000 cúltacaí.


**7.2** Íoctar ragobair le Gardaí ar chéim Garda, Sáirsint agus Cigire, agus is é 1.5 oiread an bunráta pá in aghaidh na huaire a íoctar ar ragobair. Íoctar dhá oiread an bunráta pá in aghaidh na huaire ar ragobair ar an Domhnach agus ar laethanta saoire poiblí.

**7.3** Ba é €132 milliún an bille ar ragobair in 2017 — is ionann é sin agus 12% den bhille tuarastail iomlán, agus trí oiread go leith chostas €38 milliún ar ragobair in 2014. Ina theannta sin, sháraigh an caiteachas ar ragobair an soláthar sna meastacháin i ngach ceann de na cúig bliana roimh 2017 (féach Fíor 7.1).

**7.4** Fuarthas glanmheastachán forlíontach €44.2 milliún in 2017, le haghaidh tuarastal, pá agus liúntas go príomha, lena n-áirítear ragobair (€10 milliún in 2016).

**7.5** Is ar rialú buiséid an chaiteachais ar ragobair a dhírítear sa scrúdú seo.

**Fíor 7.1 Ragobair — Buiséad agus toradh**





Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Treochtaí le déanaí maidir le ragobair i measc bhaill an Gharda Síochána

**7.6** Léirítear i Fíor 7.2 an treocht i ragobair le blianta beaga anuas. Léirítear ann méadú thart ar 12% ar an líon oifigeach ar íocadh ragobair leo idir 2014 agus 2017. I gcomparáid leis sin, tháinig méadú 219% ar an líon iomlán uaireanta ragoibre a íocadh idir 2014 agus 2017. Tháinig méadú 185% in aghaidh an oifigigh ar an meánlíon uaireanta ragoibre a íocadh sa tréimhse chéanna.

**Fíor 7.2 Ragobair an Gharda Síochána, 2013 go 2017**




Foinse: An Garda Síochána

**7.7** Baineann cuid den mhéadú ar an gcostas ragoibre in 2017 freisin le moladh ón gCúirt Oibreachais ar thuarastal an Gharda Síochána a tháinig i bhfeidhm ag tús 2017. Is iad seo a leanas na príomhfhorálacha a bhfuil tionchar acu ar rátaí ragoibre:

- liúntas cíosa €4,655 atá iníoctha le Gardaí a chomhtháthú sa tuarastal, lena mbaineann méaduithe iarmhartacha ar íocaíochtaí le haghaidh uaireanta míshóisialta agus ragoibre[1]
- tabhairt isteach seisiún faisnéise íoctha 15 nóiméad roimh dhul ar dhualgas (nó ar paráid) a n-íoctar iad ar an ráta ragoibre.

**7.8** Ba é €28.3 milliún tionchar iomlán an bhirt pá maidir le ragobair in 2017, dar leis an nGarda Síochána.

## Anailís ar dhualgas breise

**7.9** Eagraítear uainobair nó sealanna an Gharda Síochána i mbloic 28 lá. Ag deireadh thréimhse an uainchláir dualgas, scríobhann gach Garda taifead de láimh ar na huaireanta dualgais a rinne sé nó sí gach lá, agus aithnítear go sainiúil tréimhsí na gcruinnithe faisnéise roimh shealanna, na gnáthuaireanta sealanna, agus na tréimhsí dualgais bhreise.

**7.10** Dearbhaíonn an t-oifigeach lena mbaineann go bhfuil na taifid dualgais cruinn ceart. Deimhníonn neas-mhaoirseoir an oifigigh go bhfuil an fhoirm seiceáilte aige nó aici, go bhfuil na hiontrálacha i gceart agus i gcomhréir leis na hiontrálacha ábhartha sna taifid oifigiúla, agus go bhfuil taifead ceart déanta ar gach neamhláithreacht ón dualgas. Ar deireadh, deimhníonn oifigeach ceantair/ceannfort go bhfuil na hiontrálacha ar an bhfoirm i gceart agus faomhtar iad lena bpróiseáil.

1 Cuimsítear méadú €500 sa bhliain in 2017.

**7.11** Achoimrí aonair ar an líon uaireanta an chloig de dhualgas breise, ag an deireadh seachtaine agus ar laethanta saoire poiblí, agus san oíche, déantar iad a chur isteach sa chóras párolla agus a phróiseáil le haghaidh íocaíochta. Na sonraí a fhaightear, is iad sin na sonraí a bhfuil gá leo chun tacú leis an ráta íocaíochta.

**7.12** Níl mórán sonraí ar fáil ar na cúiseanna oibriúcháin a raibh gá leis an ragobair a éilíodh. Tá cuid ar leith sna taifid dualgais lámhscríofa inar gá cur síos a dhéanamh ar an gcineál dualgais a rinneadh sna tréimhsí dualgais bhreise. I gcásanna áirithe, ní thugtar go leor sonraí sa chuid sin den fhoirm le gur féidir anailís bhreise a dhéanamh. Go leor de na huaireanta dualgais bhreise, meastar gur 'gnáth-ragobair' atá i gceist leo. De réir na hanailíse a rinneadh, gnáth-ragobair a bhí i gceist le €98 milliún nó 75% den chaiteachas ragoibre in 2017, agus baineann 21% eile le hoibríochtaí i gcoinne na coireachta eagraithe agus le hOibríocht Thor.[1]

**7.13** Cuimsítear le gnáth-ragobair an Gharda Síochána réimse leathan gníomhaíochtaí amhail a bheith i láthair sa chúirt, fiosrúchán ar an gcoireacht, an choireacht a chosc, príosúnaigh a thionlacan, inimirce, imeachtaí, agus oibríochtaí tráchta. Cuimsítear leis freisin oibríochtaí eagraithe ar leith, go háirithe lasmuigh de Réigiún Chathair Átha Cliath, agus caiteachas áirithe ar oibríochtaí slándála i réigiún na teorann agus tacaíocht le haghaidh bearta i gcoinne na sceimhlitheoireachta.

**7.14** Rinneadh beart chun teacht ar na cúiseanna le ragobair rialta i roinnt réigiúin oibríochta agus, ag teacht ón mbeart sin, measann an Garda Síochána go mbaineann thart ar 55% den ragobair rialta le gnáthfhiosrúchán ar an gcoireacht nó le bheith i láthair sa chúirt.

## Próiseas buiséid bliantúil

**7.15** Trí phróiseas na Meastachán a fhaigheann an Garda Síochána a leithdháileadh buiséid bliantúil, agus soláthraítear suim ar leith chun costais ragoibre a chlúdach. Déantar an soláthar ragoibre a roinnt agus a leithdháileadh i dtéarmaí buiséid ar réigiúin/bhrainsí, ranna, agus ceantair. I dteannta an phróisis leithdháilte ghinearálta sin ón mbarr anuas, déantar foráil freisin le haghaidh imeachtaí neamh-athfhillteacha agus tionscnaimh áirithe atá spriocdhírithe ar an gcoireacht.

**7.16** Ag cruinnithe míosúla, féachann an Coimisinéir agus an fhoireann bhainistíochta sinsearaí ar chuntais bhainistíochta ina dtugtar sonraí ar an gcaiteachas atá tabhaithe sa bhliain go dtí sin.

**7.17** Ó na sonraí arna bpróiseáil tríd an gcóras párolla, is féidir sraith tuairiscí ar an ragobair a ghiniúint go háitiúil ar leibhéal na hoifige Ceantair, Roinne agus Réigiúin chun críocha faisnéise. Cuimsítear i measc na dtuairiscí sin tuairiscí ar an gcaiteachas go dtí sin sa bhliain, tuairiscí ar na daoine is mó ar íocadh ragobair leo, agus ragobair de réir catagóire/tionscadail.

**7.18** Chomh luath le Feabhra 2017, chuir an Stiúrthóir Airgeadais agus Seirbhísí in iúl don Choimisinéir agus don bhainistíocht shinsearach go raibh an chosúlacht ar an scéal go raibh an caiteachas ar ragobair sa chéad mhí den bhliain os cionn an bhuiséid cheana féin agus gur ghá beart ceartaitheach a ghlacadh.

**7.19** Níor éirigh le beart ar bith a glacadh chun teorainn a chur le costais ragoibre, agus caitheadh soláthar €88.5 milliún sna meastacháin do ragobair sa bhliain faoi mhí Lúnasa 2017. Sa tréimhse go dtí deireadh na bliana, leanadh de ragobair a fhaomhadh agus a íoc gan aon chiorrú ar an líon foriomlán uaireanta oibre.

1 Cuireadh Oibríocht Thor ar bun in 2015 chun dul i ngleic leis an gcoireacht, go háirithe buirgléireachtaí i bpobail uirbeacha agus tuaithe ar fud na tíre.

**7.20** I mí Dheireadh Fómhair 2017, chinn an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais nach bhféadfaí róchaiteachas mór sa soláthar sna meastacháin i leith ragoibre don bhliain a sheachaint. D'iarr an Roinn ar an nGarda Síochána arís go ndéanfaí an rialachas inmheánach agus rialuithe i ndáil le ceadú caiteachais ar ragobair agus monatóireacht air a neartú lena chinntiú go mbeadh an caiteachas á thabhú ar bhealach pleanáilte inbhuanaithe. Chuir an Roinn imní in iúl nach raibh aon léiriú ann ar shocruithe rialachais ná rialaithe a bheith i bhfeidhm sa Gharda Síochána lena chinntiú nach dtarlódh róchaiteachas mór ar an mbuiséad ragoibre in 2018.

**7.21** Caitheadh €132 milliún ar fad ar ragobair in 2017, méadú beagnach 50% ar an soláthar sna meastacháin.

## Athbhreithniú ar Chaiteachas 2018

**7.22** I mí Iúil 2018, d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe athbhreithniú ar an gcaiteachas ar ragobair sa Gharda Síochána.[1] Is iad seo a leanas cuid de phríomhthorthaí an athbhreithnithe sin:

- Mar gheall ar an gcóras éilimh ar pháipéar, ní héasca monatóireacht ná anailís a dhéanamh ar ragobair, agus níl ann d'aon chóras ceart chun an riachtanas buiséid a mheas ó bhun aníos.
- Is airde na leibhéil ragoibre sa Gharda Síochána ná i bhfórsaí póilíneachta eile — i dtíortha eile, thart ar 4% - 5% den bhille tuarastail a bhaineann le ragobair, ach 12% an céatadán a bhí ann i gcás an Gharda Síochána.
- Is ann do roinnt cur chuige agus samhlacha rialachais a bhí éifeachtach in áiteanna eile, lena n-áirítear saineolas airgeadais níos fearr ó shibhialtaigh ar bhonn áitiúil agus struchtúir rialachais ardleibhéil le díriú ar ragobair.

## Tuairimí an Oifigigh Cuntasaíochta

**7.23** Dhearbhaigh an Garda Síochána gur cuid bhunriachtanach de phleanáil d'fhórsa saothair is ea cothromaíocht nua a aimsiú i measc cumais ghairmiúla. Táthar ag dul i ngleic le heaspa acmhainní i rith an chúlaithe eacnamaíochta agus tréimhse fhada tearc-infheistíochta sa ghairmiúlacht le líon níos airde sibhialtach. Tá sé beartaithe thart ar 2,000 sibhialtach eile a fhostú, agus sannfar 1,500 duine díobh sin do róil nach bhfuil cumhachtaí póilíneachta de dhíth orthu ach atá á ndéanamh faoi láthair ag Gardaí faoi mhionn. Earcófar 500 sibhialtach eile chun tabhairt faoi róil atá aitheanta mar phoist tosaíochta nua. Amhail an 31 Bealtaine 2018, athshannadh 106 comhalta den Gharda ar dhualgais phóilíneachta túslíne.

**7.24** Cuireadh an dara leagan de Phlean d'Fhórsa Saothair an Gharda Síochána faoi bhráid an Údaráis Póilíneachta i mí an Mheithimh 2018. Bhí léargas tosaigh ann ar an éileamh agus ar an soláthar, mar aon le hachoimre thosaigh ar éifeachtúlachtaí a d'fhéadfaí a bhaint amach de bharr infheistíocht níos mó amhail laghduithe ar ragobair agus táirgiúlacht fheabhsaithe mar thoradh ar thionscnaimh TFC.

**7.25** Dúshlán mór i dtéarmaí anailísíocht ar shonraí ar acmhainní daonna is ea nach bhfuil ann d'aon chóras faisnéise comhtháite foinse aonair amháin le haghaidh acmhainní daonna. Táthar ag féachaint anois ar an easnamh faisnéise bainistíochta sin agus tá sé beartaithe samhail oibriúcháin acmhainní daonna a dhearadh agus a chur i bhfeidhm, córas bainistíochta sealanna agus dualgas a chur i bhfeidhm, agus na tionscnaimh atá leagtha amach i Straitéis Daoine an Gharda Síochána a sheachadadh.

1 An tSeirbhís Eacnamaíochta agus Measúnaithe de chuid Rialtas na hÉireann: *Spending Review 2018, Overtime Spending in An Garda Síochána Efficiency and Control,* Iúil 2018.

**7.26** Nuair a chuirfear i bhfeidhm an córas bainistíochta sealanna agus dualgais atá beartaithe, táthar ag súil go gcuirfear feabhas ar chumais na heagraíochta i ndáil le himlonnú na foirne a phleanáil, a rialú agus a bhainistiú. Dá bhrí sin, ba cheart go spárálfaí airgead de bharr caiteachas laghdaithe ar ragobair mar thoradh ar shannadh foirne níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla. Tá an tionscadal seo á chur i bhfeidhm ar bhonn píolótach faoi láthair i Roinn an Oirthir de Réigiún Chathair Átha Cliath, agus cuirfear i bhfeidhm é sna réigiúin eile nuair a bheidh measúnú déanta air.

**7.27** Pléitear saincheist an chaiteachais ar ragobair ag cruinnithe den fhoireann bhainistíochta sinsearaí agus ag cruinnithe leis an gCoimisinéir ar bhonn míosúil. Laistigh den chreat bainistíochta riosca, aibhsíodh gur géarchéim atá sa chaiteachas ar ragobair, agus nochtar an caiteachas ar an gclár rioscaí airgeadais corparáideach a phléitear ag cruinnithe boird ar rioscaí agus ar bheartas.

**7.28** Ag cruinniú na foirne bainistíochta sinsearaí i mí an Mheithimh 2018, faomhadh na rialuithe breise seo a leanas maidir le ceadú caiteachais ar ragobair

- is féidir leis an Oifigeach Ceantair/Ceannfort suas le 50 uair an chloig de ragobair in aghaidh an uainchláir dualgas
- is gá d'Ard-Cheannfort éilimh ar idir 50 agus 70 uair an chloig de ragobair in aghaidh an uainchláir dualgas a cheadú
- is gá do Choimisinéir Cúnta éilimh ar bhreis is 70 uair an chloig de ragobair in aghaidh an uainchláir dualgas a cheadú.

**7.29** Cuireadh an chéad cheann de na rialuithe sin i bhfeidhm don uainchlár dar chríoch an 15 Iúil 2018 tríd an gcóras párolla. Is gá roinnt leasuithe a dhéanamh ar an gcóras reatha próiseála ragoibre ionas gur féidir ragobair a cheadú ar an dá leibhéal eile. Tá réiteach á lorg faoi láthair, ach tá socruithe áitiúla le cur i bhfeidhm idir an dá linn chun feidhm a thabhairt do na rialuithe breise sin.

## Tuairimí na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais

**7.30** Is ar an éileamh a bhraitheann caiteachas an Gharda Síochána ar ragobair tríd is tríd, agus bíonn sé deacair an caiteachas a thuar go hiomlán cruinn. Ó 2016 i leith, b'éigean dul i muinín ragobair bhreise chun aghaidh a thabhairt ar choireanna drongchoirpeachta agus ar thromchoireanna eagraithe. Tá dul chun cinn mór déanta ag an nGarda Síochána chun dul i ngleic leis an mbagairt fhealltach a bhaineann le coireanna drongchoirpeachta agus le tromchoireanna eagraithe. Sa chomhthéacs sin agus le dhá bhliain anuas, tá sé tugtha le fios ag an nGarda Síochána go raibh orthu gníomhú go díreach i mbreis is 50 cás ina raibh garbhaol ar bheatha duine.

**7.31** I dteannta na rialuithe laistigh den Gharda Síochána, tugtar faoi deara go gcoimeádtar an caiteachas faoi athbhreithniú rialta i gcomhthéacs na socruithe rialachais agus maoirseachta atá i bhfeidhm idir an Garda Síochána agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Anuas air sin, cuireadh le déanaí leis an idirchaidreamh struchtúrtha rialta idir an Garda Síochána agus an Roinn maidir le hacmhainní. Cuireadh Comhghrúpa Oibre i leith Acmhainní don Gharda Síochána ar bun idir an Garda Síochána, an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Roinn an Taoisigh, agus an tÚdarás Póilíneachta. Tagann an Comhghrúpa le chéile uair sa mhí, agus is fóram atá ann chun go mbíonn ar chumas na bpáirtithe leasmhara ar fad forléargas straitéiseach a fháil ar na riachtanais ó thaobh acmhainní de agus ar staid airgeadais an Gharda Síochána, lena n-áirítear maidir le ragobair.

## Conclúidí

**7.32** Ní raibh aon éifeacht leis na cleachtais bhainistíochta a cuireadh i bhfeidhm chun an buiséad ragoibre a rialú in 2017. Ba mhó i bhfad an caiteachas ar ragobair ná an soláthar sna meastacháin, agus chuir an caiteachas sin leis an ngá le meastachán forlíontach.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aithníonn an Garda Síochána go bhfuil gá le rialuithe láidre chun buiséad na heagraíochta a bhainistiú, ach is gá féachaint ar roinnt imthosca maolaitheacha i mbainistiú ragoibre san eagraíocht.

Meastar go bhfuil méadú €28 milliún tagtha ar chostas ragoibre mar thoradh ar an mbeart pá do Ghardaí a tugadh isteach ag tús na bliana 2017. Anuas air sin, tá ceangal ar an nGarda Síochána tabhairt faoi dhualgais áirithe nach bhfuil aon smacht ag an eagraíocht orthu amhail a bheith i láthair sa chúirt, príosúnaigh a thionlacan chuig an gcúirt agus ón gcúirt, agus cabhrú chun daoine a dhíbirt ón tír. Ba é €53 milliún costas an bhirt pá in 2017 faoi mar a léiríodh sa chaiteachas ar ragobair agus i gcostas na gcineálacha dualgas neamhroghnach sin. Iarmhéid €79 milliún a bhí fágtha ina dhiaidh sin, agus is féidir féachaint ar an tsuim sin mar a bheith lánroghnach agus faoi rialú díreach. Is ionann gné lánroghnach an chostais ar ragobair agus 8.4% de chostas párolla €944 milliún in 2017, agus is gaire é sin don 4%-5% a mhol an tSeirbhís Eacnamaíochta agus Measúnaithe de chuid an Rialtais.

Cúiseanna eile atá ag spreagadh an ghá le ragobair atá i mbunú aonad póilíneachta nua amhail an tAonad Cibearchoireachta agus Aonaid Chosanta Roinne. Is gá Gardaí a bhfuil taithí acu a chur ag obair sna haonaid nua sin, rud a fhágann go mbíonn acmhainní gann in áiteanna eile. Is gá dul i muinín ragoibre chun dul i ngleic leis na ganntanais sin.

Tráth a bhfuil gníomhaíocht thromchúiseach leanúnach a d'fhéadfadh beatha daoine a chur i mbaol ar siúl ag roinnt dronga coireachta eagraithe, chinn an Garda Síochána gurb é an beart maolaitheach is fearr ná tabhairt faoi ghníomhaíocht oibríochta, lena n-áirítear faireachas. Mar thoradh ar an ngníomhaíocht sin, bheifí in ann amhrastaigh ar leith a ghabháil ag am agus in áit inar dhócha go bhféadfaí iad a chiontú in iarracht ar dhúnmharú agus i gcoireacht ghaolmhar. Má ghabhtar amhrastaigh ar an gcaoi sin, tá sé an-dealraitheach go bpléadálfadh na hamhrastaigh sin ciontach as na cúiseanna coiriúla a chuirfí ina leith. De réir measúnaithe, déantar go leor airgid a spáráil san fhadtéarma mar thoradh ar infheistíocht den chineál sin toisc gur féidir an costas mór a bhíonn ar imscrúdú ar dhúnmharú a sheachaint.

Bíonn an-chuid oibre ar fad ag baint le tabhairt faoin gcineál gníomhaíochta oibríochta atá léirithe thuas. Bíonn costas mór air ag an tús freisin ó thaobh ragoibre de mar an aidhm a bhíonn ann na hamhrastaigh a ghabháil sna himthosca cearta agus na híospartaigh bheartaithe a chosaint ar dhúnmharú.

I mí Mheán Fómhair 2018, cuireadh tús le hathbhreithnithe cuimsitheacha ar ragobair mar bheart láithreach chun stop a chur leis an róchaiteachas sin. Cuirfear an t-athbhreithniú sin i gcrích faoi dheireadh mhí Mheán Fómhair agus cuimseofar leis raon beart chun ragobair a leagan amach ar bhonn tosaíochta, a spriocdhíriú agus a rialú lena chinntiú go n-úsáidfear acmhainní ar an mbealach is éifeachtaí agus is éifeachtúla agus is féidir, agus an tionchar ar an bpóilíneacht túslíne a laghdú an oiread agus is féidir.

**7.33** Tá easpa mhór ar chórais faisnéise an Gharda Síochána, agus ní éiríonn leo anailís dhomhain go leor a chur ar fáil chun gur féidir acmhainní foirne a imlonnú go héifeachtach, monatóireacht a dhéanamh ar úsáid na foirne, agus barainneachtaí agus éifeachtúlachtaí féideartha a shainaithint.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaíonn an Garda Síochána go bhfuil easpa ar na córais faisnéise san eagraíocht chun taifeadadh, monatóireacht agus pleanáil a dhéanamh ar ragobair a bhíonn de dhíth den chuid is mó mar thoradh ar an easpa cistiúcháin leordhóthanaigh i gcórais agus in acmhainní oilte le roinnt blianta anuas.

Tabharfar faoi athbhreithniú ar an Stiúrthóireacht Airgeadais agus Seirbhísí chun dul i ngleic leis an gceist sin san fhadtéarma. Cinnfear na struchtúir, na feidhmeanna agus na córais bainistíochta airgeadais iomchuí a bhfuil gá leo chun tacú le méadú ar an eagraíocht go dtí 21,000 duine faoi 2021.

**7.34** Bíodh is gur tugadh isteach bearta áirithe in 2018 chun teorainn a chur leis na costais ragoibre, níl ann d’aon phlean mionsonraithe chun an bille ragoibre a laghdú go suntasach agus a chothabháil.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Tá triail á baint as córas nua bainistíochta sealanna agus dualgais i Roinn an Oirthir de Réigiún Chathair Átha Cliath, agus uirlis éifeachtach a bheidh sa chóras sin chun bainistíocht agus monatóireacht a dhéanamh ar acmhainní foirne, agus úsáid níos éifeachtúla a bhaint as ragobair san eagraíocht. Tionscadal eile is ea an tsamhail rannach phóilíneachta hibrideach agus táthar ag súil go mbeidh mar thoradh ar an tionscadal sin éifeachtúlachtaí níos mó i gcúrsaí riaracháin agus san anailís ar shonraí, as a dtiocfaidh tuairisciú agus anailís níos láidre ar chaiteachas lánroghnach amhail ragobair agus taisteal agus cothabháil.